| **Teideal Beartais:** | Toiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt |
|---|---|
| **Cur Síos:** | Molann MIE do mhic léinn faoi mhíchumais faisnéis faoina míchumas/a ndeacracht shonrach foghlama a nochtadh d'Oifig an Chláraitheora agus don tSeirbhís Míchumais sula ndéanann siad iarratas ar MIE uair ar bith le linn a gcuid staidéar. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# Toiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt

## 1 Comhthéacs

1.1 Tá Institiúid Oideachais Marino (MIE) geallta chun cinntiú go mbíonn rochtain iomlán agus chóir ag mic léinn faoi mhíchumas ar gach gné de shaol MIE de réir mar is féidir a chur ar fáil go réasúnta. Tá Cód Cleachtais le haghaidh Mac Léinn faoi Mhíchumas atá i mbun staidéir in MIE glactha ag MIE.

1.2 Tá an beartas seo ag teacht leis an Acht Míchumais 2005, na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 (mar atá leasaithe) agus Acht na n-Ollscoileanna, 1997.

1.3 Moltar do mhic léinn faoi mhíchumas clárú le hOifig an Chláraitheora agus leis an tSeirbhís Míchumais i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (ar a dtabharfar Coláiste na Tríonóide amach anseo) chun tacaí a lorg áit a bhféadfadh go mbeadh tionchar ag an míchumas páirt a ghlacadh go hiomlán i ngach gné de chúrsa.

## 2. Cuspóir

Molann MIE do mhic léinn faoi mhíchumais faisnéis faoina míchumas/a ndeacracht shonrach foghlama a nochtadh d'Oifig an Chláraitheora agus don tSeirbhís Míchumais sula ndéanann siad iarratas ar MIE nó uair ar bith le linn a gcuid staidéar.

## 3 Tairbhí

Moltar an nochtadh sin ionas gur féidir le MIE oibriú leis an mac léinn chun cinntiú nach n-aithnítear aon fhreastal réasúnta a theastaíonn agus go n-éascaítear é i gcomhairle leis an mac léinn.

## 4 Raon Feidhme

Baineann an beartas seo le mic léinn bonnchláir, fochéime agus iarchéime uile MIE atá faoi mhíchumas buan nó fadtéarmach.

## 5 Beartas

5.1 Rúndacht do mhic léinn faoi mhíchumas

5.1.1 Molann MIE do mhic léinn faoi mhíchumais faisnéis faoina míchumas/a ndeacracht shonrach foghlama a nochtadh d'Oifig an Chláraitheora agus don tSeirbhís Míchumais sula ndéanann siad iarratas ar MIE nó uair ar bith le linn a gcuid staidéar. Moltar an nochtadh sin chun gur féidir le MIE oibriú leis an mac léinn chun cinntiú go n-aithnítear aon fhreastal réasúnta is gá agus go n-éascaítear é i gcomhairle leis an mac léinn[1].

5.1.2. Coimeádtar taifead de theagmháil an mhic léinn leis an Institiúid go sábháilte i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2008 agus an Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí (GDPR) de chuid an Aontais Eorpaigh agus meastar mar 'sonraí pearsanta íogaire' faisnéis a chuirtear ar fáil d'Oifig an Chláraitheora agus don tSeirbhís Míchumais. Féadfar an fhaisnéis anaithnid a úsáid chun críocha staitisticí agus monatóireacht gan aitheantas na mac léinn a nochtadh.

5.2 Coimeádtar aon cháipéisí nó aon fhaisnéis a chuirtear i láthair agus míchumas á nochtadh ar Thaifid Leictreonacha Mhic Léinn Marino (MAESTRO), ag Oifig an Chláraitheora i MIE agus roinntear iad leis an Soláthraí Leibhéal Seirbhíse, Seirbhís Míchumais na Tríonóide. Ní nochtfar cáipéisí leighis sonracha ná cáipéisí eile do thríú páirtithe, ach amháin áit is gá chun freastal réasúnta a dhéanamh[1].

5.3 Nuair a iarrann mac léinn aon chineál freastail réasúnta – ar nós ama bhreise i scrúduithe nó cead léachtaí a thaifeadadh – agus nuair a thugtar dóibh, nochtfaidh an tSeirbhís Míchumais, i gcomhairle leis an mac léinn, faisnéis ábhartha do na daoine sna ranna sin atá freagrach as an freastal réasúnta sin a chur ar fáil nó mic léinn a éascú chun rochtain a fháil orthu. Sna cásanna sin, ní nochtfar ach faisnéis atá ábhartha don chás ar leith. Áit a ndéanann baill foirne acadúla teagmháil leis na Seirbhísí Míchumais le haghaidh comhairle maidir le mic léinn aonair, cuirfear in iúl do bhaill foirne gur gá cead an mhic léinn a fháil sula ndéanann siad amhlaidh.

5.4 Cén fáth a gcoimeádann MIE sonraí?

Chun a mheas cibé acu an cuí an freastal réasúnta sin a dhéanamh agus/nó chun nádúr an fhreastail atá le déanamh a mheas, féadfaidh Oifig an Chláraitheora i MIE agus sa

[1] Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

tSeirbhís Míchumais i gColáiste na Tríonóide na cineálacha seo a leanas sonraí a bhailiú agus a phróiseáil:

i. Sonraí pearsanta/aitheantais (mar ainm agus uimhir ID mic léinn MIE)

ii. An Lár-Oifig Iarratas/Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE) (agus/nó foirmeacha iarratais eile) má dhearbhaítear míchumas;

iii. Sonraí Cúrsa;

iv. Faisnéis a chuireann tú ar fáil faoi do mhíchumas/riocht leighis, fianaise leighis, fianaise míchumais DARE, Measúnú Tionchair Oideachais DARE, Tuairiscí measúnaithe ó shíceolaí oideachais nó Foirm Fianaise Míchumais MIE;

v. Comhfhreagras le comhlachtaí maoinithe;

vi. Comhfhreagras agus tuairiscí ábhartha eile.

5.5 Féadfar faisnéis[2] faoi mhíchumas mic léinn a roinnt ar bhonn riachtanais eolais amháin le:

5.5.1 Bail foirne ábhartha MIE (e.g. Léachtóirí Cúrsa/Stiúrthóir Socrúchán/Teagascóir[3]/Oifig na Scrúduithe), Tuarascáil Achoimre ar Riachtanais Ghairmiúla Foghlama Oideachais (PLENS)

5.5.2 Socrúcháin sheachtracha – i gcás mic léinn a thugann faoi chúrsaí gairmiúla, áit a bhfuil socrúchán mar dhlúthchuid den chúrsa, féadfaidh mac léinn cead a thabhairt a dtuarascáil PLENS a roinnt;

5.5.3 Comhlachtaí maoinithe: Ciste Sóisialta an Údaráis um Ard-Oideachas le haghaidh Mac Léinn faoi Mhíchumas agus comhlachtaí maoinithe agus soláthraithe tacaíochta eile (e.g. Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó Cúnamh Pearsanta)

5.5.4 Seirbhís Cóiríochta (má dhéanann tú iarratas ar fanacht i gcóiríocht champais MIE faoi Scéim Chóiríochta DARE);

5.5.5 Seirbhís Comhairleoireachta agus Sláinte MIE (e.g. atreorú chuig na tacaí sin). Is í Seirbhís Comhairleoireachta Choláiste na Tríonóide a chuireann an tseirbhís

[2] Ní dhéantar ach a lú faisnéise a roinnt agus is féidir. Roinntear faisnéis níos sonraí faoi nádúr do mhíchumais áit gur gá ionas gur féidir sainfhreastal réasúnta a dhéanamh.

[3] Beartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

comhairleoireachta ar fáil, agus is é Ionad Leighis Fairview a sholáthraíonn an tSeirbhís Sláinte;

5.5.6 An Leabharlann (pribhléidí breise um iasachtú[4]);

5.5.7 Saoráidí (e.g. faoiseamh, plean pearsanta um aslonnú i gcás éigeandala[5]);

5.5.8 Áit is gá, iarrfaimid cead scríofa uait chun idirchaidreamh a dhéanamh le gairmithe seachtracha ainmnithe eile a bhfuil baint acu leis an gcúram agus an tacaíocht a bhaineann le do mhíchumas.

5.6 Stórálfar sonraí pearsanta go sábháilte mar seo a leanas:

5.6.1 Scanann an tSeirbhís Míchumais taifid/cáipéisí páipéir agus filleann siad ar an mac léinn iad nuair atá na taifid/na cáipéisí uaslódáilte go MAESTRO. Maidir le haon chomhaid/cháipéisí a sheoltar trí sheirbhís poist scantar agus uaslódáiltear chuig MAESTRO iad agus stialltar iad dá réir.

5.6.2 Taifid leictreonacha: stóráiltear na cáipéisí míchumais go léir a sholáthraíonn mic léinn ar thairseach na mac léinn, MAESTRO agus ní bhíonn sé ar fáil ach don mhac léinn, d'Oifig Chláraitheoir MIE agus don tSeirbhís Míchumais i gColáiste na Tríonóide. Stóráiltear nótaí faoi gach idirghníomhú ar MAESTRO agus bíonn rochtain teoranta do bhaill foirne údaraithe ó Sheirbhís Míchumais na Tríonóide agus ó Oifig an Chláraitheora i MIE.

5.6.3 Beidh faisnéis staitistiúil a úsáidtear chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar Oifig Chláraitheoir MIE agus ar Sheirbhís Míchumais na Tríonóide anaithnid.

5.7 Uaireanta déanfaidh MIE teagmháil le mic léinn chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí nó dheiseanna bainteach le míchumas i MIE a d'fhéadfadh go gcuirfidís spéis iontu. Más fearr le mic léinn gan an t-eolas sin a fháil, féadfaidh iad iarraidh gan teagmháil a dhéanamh leo. Úsáidtear an fheidhm BCC i liostaí poist le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin chun nach nochtfaí seoltaí ríomhphoist na bhfaighteoirí.

5.8 Aiseolas a lorg agus taighde a dhéanamh. Bíonn ról ríthábhachtach ag na mic léinn a úsáideann an tSeirbhís Míchumais maidir leis an tSeirbhís a fhorbairt mar fhreagra ar

[4] An Beartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí
[5] Nós Imeachta d'Aslonnú Dóiteáin

thaighde fianaise-bhunaithe. Trí chlárú le hOifig Chláraitheoir MIE agus Seirbhís Míchumais na Tríonóide, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar mhic léinn páirt a ghlacadh i suirbhéanna nó i bhfoirmeacha eile taighde. Ní rachaidh neamh-rannpháirtíocht ar bhealach ar bith chun dochar na dtacaí nó an fhreastail a bhfuil mic léinn i dteideal a fháil[6].

5.9 Áit a gcuireann iarratasóirí faisnéis ar fáil sula gcláraíonn siad ar chúrsa MIE agus a roghnaíonn siad gan clárú, scriosfar an fhianaise leighis sin. Dá gcinnfeadh mac léinn dul i mbun staidéir i MIE trácht ní ba dhéanaí, bheadh orthu fianaise leighis tacaíochta agus foirm nochta chomhlánaithe a leagan isteach arís[7].

5.10 Mic léinn eile: Ní nochtfaidh MIE sonraí faoi mhíchumas mic léinn do mhic léinn eile; is é rogha pearsanta an mhic léinn aonair maidir le cibé acu an ndéarfaidh siad le daoine eile go bhfuil siad faoi mhíchumas nó go bhfuil rochtain acu ar/go bhfuil siad ag fáil tacaíochta.

5.11 Tuismitheoirí/caomhnóirí: De thoradh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (AE-GDPR), ní roinnfear agus ní phléifear faisnéis faoi mhíchumas ná faoi riachtanais/socruithe tacaíochta mic léinn gan chead scríofa an mhic léinn. Áit a gceadaítear faisnéis a roinnt nó a phlé le tuismitheoirí, ní féidir le tuismitheoirí gníomhú, ná athruithe a iarraidh, thar ceann mic léinn agus is é an mac léinn fós atá freagrach go hiomlán as plé leis an tSeirbhís Míchumais.

5.12 Cearta mic léinn: Féadfaidh mac léinn srianta le próiseáil nó roinnt a gcuid sonraí ag Oifig Chláraitheoir MIE nó Seirbhís Míchumais na Tríonóide a iarraidh uair ar bith. D'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar ag na srianta sin, ar an leibhéal tacaíochta nó freastail réasúnta ar féidir le MIE nó soláthraithe socrúcháin a thairiscint. Má tá imní ar mhac léinn faoi sin nó más mian leo plé a dhéanamh ar na torthaí a bhíonn ar nochtadh nó coimeád siar na faisnéise, moltar dóibh labhairt le ball d'Oifig Chláraitheoir MIE nó le hOifigeach Míchumais Choláiste na Tríonóide.

5.13 Sáruithe sonraí a thuairisciú: De réir AE-GDPR, ní mór sárú atá intuairiscithe don Choimisinéir um Chosaint Sonraí a thuairisciú tráth nach déanaí ná 72 huair an chloig tar

[6] Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

[7] Féach ar an bhFoirm Fianaise ar Mhíchumas

éis go dtagann an sárú chun solais. Ba cheart gach sárú nó sárú measta a thuairisciú don Choimisinéir um Chosaint Sonraí gan mhoill.

5.14 Nochtuithe ar chúinsí eisceachtúla: Féadfaidh MIE, ar chúinsí eisceachtúla, roinnt sonraí faoi mhíchumas/riocht mic léinn a roinnt le tríú páirtithe gan chead uathu. Déantar foráil do na cúinsí sin, go hiomlán, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2008 agus áirítear leo.

5.14.1 Éigeandálaí, e.g. má tá mac léinn breoite/gortaithe; nó i mbaol gortaithe dóibh féin/do dhaoine eile;

5.14.2. Chun leas ríthábhachtach duine a chosaint, lena n-áirítear an mac léinn;

5.14.3 Ceisteanna maidir le oiriúnacht chun feimhmiúlachta nó dualgas i leith comhlacht gairmiúil (mar an gComhairle Múinteoireachta a Thuairisciú);

5.14.4 Gearáin/achomharc chuig MIE;

5.14.5 Staideanna dlíthiúla e.g. díospóidí/comhairle/imeachtaí dlí nó áit a gceanglaítear ag Cúirt Dlí;

5.14.6 Do ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí, chun coireacht a chosc/a bhrath nó chun ciontóir a ghabháil nó a chúiseamh.

5.15 Ba cheart do gach mac léinn teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Míchumais láithreach má athraíonn na cúinsí maidir lena míchumas agus áit gurbh cuí go mbeadh MIE ar an eolas faoin athrú sin.

5.16 Dearbhuithe ar thuiscint ar thoiliú faisnéis faoi mhíchumas a nochtadh agus a scaoileadh

5.16.1 Iarraim freastal réasúnta ó Oifig Chláraitheoir MIE agus/nó ó Sheirbhís Míchumais na Tríonóide. Tuigim go gcinnteoidh Oifig an Chláraitheora agus an tSeirbhís Míchumais nach n-úsáidfear sonraí pearsanta ach chun na leibhéil riachtanacha agus chomhaontaithe d'fhreastal réasúnta agus de thacaí a éascú.

5.16.2 Ceadaím d'Oifig an Chláraitheora agus don tSeirbhís Míchumais faisnéis a bhaineann le mo chuid riachtanas um thacaíocht acadúil agus míchumais a chur le mo thaifead mic léinn i MAESTRO. Tuigim nach gcuirfear freastal réasúnta ar fáil ach go mbeidh measúnú riachtanas déanta agus go mbeidh cead soiléir ag teastáil uaim trí

my.tcd.ie chun ceadú don tSeirbhís Míchumais an freastal réasúnta a bhaineann liom a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl trí thuairisc PLENS. Ag brath ar an gcineál freastail réasúnta a theastaíonn agus a n-aontaítear air, d'fhéadfadh go mbeadh na réimsí seo a leanas i MIE agus na cineálacha nochta seo a leanas i gceist:

| ***Seirbhís/Tacaí MIE*** | ***Cineál Nochta*** |
|---|---|
| Oifig an Chláraitheora (lena n-áirítear Scrúduithe) | Ainm, uimhir mhic léinn, cóid scrúdaithe |
| Seirbhísí Cóiríochta | Ainm, uimhir mhic léinn, catagóir míchumais |
| ESF/Oifig Idirnáisiúnta | Ainm, uimhir mhic léinn, catagóir míchumais, riachtanais tacaíochta |
| An Leabharlann | Ainm, uimhir mhic léinn |
| Stiúrthóir Socrúchán Seachtrach | Achoimre ar Riachtanais Ghairmiúla Foghlama agus Oideachais PLENS |
| Soláthraí Creidmheasa Priontála | Ríomhphost & uimhir mhic léinn |
| Comhdhálacha & Saoráidí | Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta |
| Foireann na Scoile agus na Roinne agus foireann socrúcháin sheachtraigh áit is ábhartha | Achoimre ar Riachtanais Ghairmiúla Foghlama agus Oideachais PLENS |
| An tIonad Spóirt - Faoiseamh | Ainm, uimhir mhic léinn |
| Seirbhís Comhairleoireachta agus Sláinte na Mac Léinn | Ainm, uimhir mhic léinn, incháilitheacht ESF |
| Teagascóir MIE | Achoimre ar Riachtanais Ghairmiúla Foghlama agus Oideachais PLENS |

5.16.3 **Neamhnochtadh faisnéise:** Tuigim mura dtugaim cead nochtadh nach mbeidh mé in ann na cineálacha sin freastail réasúnta a fháil dá dteastaíonn nochtadh faisnéise.

5.16.4 Tuigim go gcoimeádfar mo chuid sonraí pearsanta agus mo chuid cáipéisí mar chomhaid leictreonach fad is a bheidh mé i mo mhac léinn i MIE. Tugaim gur trí ríomhphost a dhéantar cumarsáid oifigiúil MIE agus seiceálfaidh mé sin go rialta agus freagróidh mé dá réir.

## 6 Freagracht

Cuireann Oifig an Chláraitheora na nósanna imeachta sin i bhfeidhm.

## 7 Cáipéisí Gaolmhara

7.1 An tAcht Míchumais, 2005

7.2 Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 (mar atá leasaithe)

7.3 Acht na nOllscoileanna, 1997

7.4 An tAcht um Chosaint Sonraí, 2008

7.5 Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh (AE) ar Chosaint Sonraí (GDPR)

7.6 Ciste Sóisialta an Údaráis um Ard-Oideachas do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

7.7 Foirm Fianaise ar Mhíchumas

7.8 Fógra maidir le Príobháideacht do Dhaoine faoi Mhíchumas

7.9 Ráiteas Príobháideachais MIE

7.10 An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

7.11 An Beartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

7.12 Nós Imeachta d'Aslonnú Dóiteáin